# Mata ag an Obair

## DOCHTÚIR

**Roghnaigh mé a bheith i mo dhochtúir mar is maith liom cabhrú le daoine.**

Úsáidim mata ar go leor bealaí chun beatha a shábháil. Áirítear orthu seo tomhas, comhaireamh agus anailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar phatrúin. Caithfidh othar 35 mg de dhruga áirithe a thógáil gach maidin agus 20 mg gach tráthnóna. Is féidir liom táibléid a ordú ina bhfuil 5 mg, 10 mg nó 25 mg agus tá gach ceann díobh ar fáil i bpacáistí 15 cinn nó 20 ceann, cad é an meascán is éasca don othar?

Cad a bheadh orm a ordú ionas go mbeadh dóthain táibléad ag an othar ar feadh míosa (30 lá)?





## DEARTHÓIR FAISIN

**Is breá liom patrúin agus dathanna mar sin ba é rún mo chroí dearadh faisin a dhéanamh mar shlí bheatha.**

Úsáidim mata chun patrúin a chruthú agus freisin chun an méad fabraice atá ag teastáil uaim le haghaidh dearaidh agus chun an luach is fearr a fháil agus fabraic á ceannach agam. Tá píosa fabraice 2 m faoi 1 m ag teastáil uaim. Tá dhá leithead éagsúla fabraice ar fáil – 150 cm agus 112 cm.

Cé acu ceann an rogha is fearr ó thaobh luach ar airgead de?



## FEIRMEOIR

**Is breá liom a bheith ag obair amuigh faoin aer leis an dúlra.**

Úsáidim a lán mata ar an bhfeirm agus chun an gnó a bhainistiú. B'fhéidir go mbeadh orm meastachán a dhéanamh ar an méid airgid a d'fhéadfainn a dhéanamh an bhliain seo chugainn má chuirim eorna earraigh i mo pháirc 8 heicteár.

Conas a bheadh mé in ann é sin a réamh-mheas? Cén t-eolas a bheadh ag teastáil uaim?

## INNEALTÓIR

**Mar innealtóir, is féidir liom a fheiceáil mar a thógtar mo chuid dearaí.**

Is mothúchán iontach é seo. Bainim an-chuid úsáide as mata mar innealtóir. Úsáidim mata agus eolaíocht le chéile chun tuiscint a fháil ar conas a oibríonn ábhair, meaisíní, gléasanna agus córais eile. Úsáidim a lán mata bunúsach freisin.

Mar shampla, inniu chuir mé clais 7 m ar fhad á tochailt atá 1.5 m ar leithead agus 2 m ar doimhneacht. Cé mhéad ithreach atá bainte againn?

Conas a d'fhéadfainn meáchan na hithreach sin go léir a ríomh?



## DEARTHÓIR CLUICHÍ

**Is breá liom an chluichíocht ó bhíos óg, mar sin tá mo chaitheamh aimsire agus mo chuid oibre agam chéile mar dhearthóir cluichí.**

Úsáidim mata chun na patrúin a dhearadh a dhéanann suas an timpeallacht fhíorúil, gníomhartha na gcarachtar agus chun scór agus staitisticí a choinneáil do na himreoirí. Má léimeann carachtar thar a chorp chun tosaigh agus casann ar dheis, agus má léimeann sé chun tosaigh arís agus casann ar clé agus má léimeann sé thar a chorp ar cúl agus casann ar dheis, cén treo ina mbeidh sé ag féachaint?

Conas a thabharfainn ar an ríomhaire gluaiseacht agus treo a rianú?





## SIÚNÉIR

**Is maith liom a bheith ag obair le mo lámha agus rudaí a dhéanamh.**

Mar shiúinéir, bainim úsáid as mata gach lá chun rudaí a thomhas, a dhearadh agus a thógáil. Tá orm painéil i gcruth L a dhéanamh. Caithfidh na himill sheachtracha a bheith 1 m ar fad agus na himill istigh 0.4 m ar fad.

Cé mhéad painéal a bheidh mé in ann a fháil as leathán sraithadhmaid 2.4 m x 1.2 m?

Conas a d'fhéadfainn é seo a oibriú amach?

20 YEARS CELEBRATING Maths Week

**11-19 Deireadh Fómhair 2025**

#IUseMaths #MathsWeek2025

**Cláraigh anois ar mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag

CALMAST

SETU Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt South East Technological University

Le tacaíocht ó

An Roinn Oideachais agus Óige Department of Education and Youth

Department for the Economy | An Roinn Geilleagair www.economy-ni.gov.uk

Coigilteas Stáit na hÉireann | Ireland State Savings

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science